

Fíricí Suimiúla do Dhaltaí Bunscoile Sinsearacha



Céard is aeráid ann?

Céard is aeráid ann?

Is cur síos é aeráid ar na comhathruithe fadtéarmacha a tharlaíonn san atmaisféar.

Tá sé bunaithe ar chuntais stairiúla aimsire do shuíomh ar leith.

Insíonn sé dúinn conas mar a bhí an aimsir thar thréimhse áirithe ama, 30 bliain de ghnáth.

Smaoinigh faoi aeráid na hÉireann - conas a chuirfeá síos ar ár séasúir?

Céard í aeráid na hÉireann?

An rud a bhfuil an tionchar ceannasach aige ar aeráid na hÉireann is ea an **tAigéan Atlantach**.

Ní bhíonn na teochtaí foircneacha in Éirinn mar a bhíonn in an-chuid tíortha atá ar an domhanleithead céanna.



Meánteocht bhliantúil na hÉireann ná 9 °C. Bíonn mionathruithe aeráide laistigh dár tír féin fiú.

Mar shampla, tá na tréimhsí gréine is faide sa tír sa cheantar thoir theas den tír. Glaoitear an thoir thuaidh grianmhar air uaireanta!

Athraíonn meánlíon na dtréimhsí báistí idir 800 agus 2,800mm sa bhliain.

Ós rud é go bhfuil gaotha aniar aneas ón Atlantach ceannasach, tá líon na báistí ar an leibhéal is mó san iarthuaisceart, iarthar agus iardheisceart den tír, go háirithe ar thalamh ard.

Conas a thomhaisimid aeráid?

Úsáidimid sonraí ónár líonra monatóireachta aimsire agus ríomhaimid na meáin thar thréimhse áirithe ama.

Ach **CUMHNIGH**, san am atá thart, ní raibh aon stáisiúin aimsire mheitéareolaíocha, balúin ná baoithe ann chun sonraí aimsire a thabhairt dúinn.

Ciallaíonn sé seo go bhfuil orainn raon leathan fianaise a fháil chun aeráid an domhain a athchruthú.

Croíleacáin Oighir

Tá staidéar déanta ag eolaithe ar oighear ó oighearshruthanna ársa. Cabhraíonn na bolgáin aeir linn, a raibh bac orthu easrú, cur síos a dhéanamh ar an aeráid a bhí ann san am atá thart.



Fáinní Crainn

Fásann fáinne nua laistigh de chrann gach bliain, agus is féidir aois chrainn a aimsiú trí na fáinní a chomhaireamh dá bharr. Glaoitear **deindreacrineolaíocht** ar an staidéar a déantar ar an ngaol idir fás bliantúil na gcrann agus an aeráid.



Anailís Dríodair

Trí anailís a dhéanamh ar na cisil éagsúla talún agus cloiche, féadann eolaithe eolas a shocrú faoi shruthanna farraige san am atá thart.



Inphriontaí Bitheolaíocha

Féadann iarsmaí iontaisithe plandaí, pailíne agus feithide eolas tábhachtach a sholáthar dúinn faoi aeráid an domhain.



Doiciméadú scríofa agus cuntais thuairisciúla

Tugann eolas a aimsíodh i sean-chuntais loinge agus talmhaíochta léargas dúinn ar fheiniméin aimsire fhoircneacha a tharla san am atá thart, mar aon le séasúir ó na tréimhsí sin.



Céard é stair aeráide an domhain?

Tá an domhan níos mó na 5 bhilliún bliain d'aois agus lena linn tá aeráidí foircneacha feicthe aige.

San am atá thart bhí na haigéin níos airde ná mar atá siad anois.

Ag uaireanta áirithe, bhí teochtaí an-íseal, rud a chiallaigh go raibh oighearchlúideacha ag clúdach achar mór talún.

Tharla na hathruithe seo go céimseach thar na mílte bliain.

Rachaimis tríd roinnt de stair aeráide an domhain.

An Oighearaois

Deirtear gur thosaigh an Oighearaois thart ar 2 mhilliún bliain ó shin agus níor tháinig deireadh leis ach 11,000 bliain ó shin.

Bhí teochtaí domhanda 4 nó 5 chéim níos ísle ná mar atá siad inniu.

I rith na tréimhse seo bhí an-chuid de Mheiriceá Thuaidh, den Eoraip agus den Áise Thuaidh clúdaithe ag oighearchlúideacha móra.

D'éirigh go han-mhaith le Maisteadóin, ainmhithe a bhí cosúil le heilifintí, i rith na tréimhse seo.

Nuair a leáigh an oighearchlúid, d'imigh na maisteadóin in éag, toisc nach raibh siad in ann maireachtáil.

An Oighearaois Bheag

Mhair an Oighearaois Bheag ó 1550 go 1850.

I rith na tréimhse seo bhí an teocht sa Leathsféar Thuaidh thart ar 1 chéim níos ísle ná mar atá sé inniu.

Bhí ar Eorpaigh maireachtáil trí gheimhrí garbha agus na gortaí a tharla dá bharr.

Stair Aeráide Úrnua

Tá teocht an domhain tar éis ardú 1 chéim thar thréimhse 100 bliain.

Léiríonn an treocht ghinearálta go bhfuil an teocht ag ardú ag ráta níos airde le déanaí.

Ciallaíonn sé seo go n-ardófar leibhéil farraigí agus go leáfar oighearshrutha.

Creideann an-chuid eolaithe gur an Iarmhairt Cheaptha Teasa is cúis leis an méadú seo atá ag tarlú.